



A vibrant, stylized illustration of a diverse group of people interacting with a large stack of books. The scene is set against a dark blue background with floating speech bubbles and icons like a gear and a heart. People are shown in various activities: reading, writing, using a laptop, and climbing a ladder. The illustration emphasizes the theme of knowledge, learning, and community.



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

INTREOIR

Tugann Tuarascáil Bhliantúil BOOÉ 2024 léargas don léitheoir ar a chuid tionscnamh agus ar a bhfuil bainte amach aige le 12 mhí anuas. Déantar iniúchadh sa tuarascáil seo freisin ar an gcomhoibriú a tharla idir BOOÉ, na 16 ball-BOO agus páirtithe leasmhara eile agus iad ar fad ag amharc ar an am atá le teacht.

Clár

TFE Inmheánach	06
TFE Seachtrach	11
BOO	12
CTI	15
Scoileanna SNP	17
Scoileanna IBS	20
Óige	22



etbi

Education and Training
Boards Ireland
*Boird Oideachais agus
Oiliúna Éireann*

RÉAMHRÁ

Michael Moegie Maher



I mo ról mar Uachtarán Bhord Oideachais & Oiliúna Éireann (BOOÉ) agus mar Chathaoirleach BOO na Gaillimhe & Ros Comáin (BOOGRC), is féidir liom a rá go muiníneach agus go fíor go bhfuil an caidreamh idir na 16 BOO agus a chomhlacht ionadaíoch, BOOÉ níos láidre ná riamh.

Chonaic mé féin an t-uafás oibre agus dul chun cinn atá déanta agus an bheirt acu ag comhoibriú lena chéile. Chonaiceamar leibhéil iontacha ratha agus dearfachta, bhí dúshlán go leor le sárú againn chomh maith, mar fhoireann a bhfuil sé mar sprioc againn sármhaitheas in oideachas, cúram, comhionannas, meas agus braistint phobail a chur ar fáil dár bhfoghlaimoirí agus dár bhfoireann. Creidim go daingean go roinneann obair foirne an t-ualach oibre agus go gcuireann sé go mór leis an rath.

Ba mhaith liom an Tuarascáil Bhliantúil seo a úsáid freisin mar dheis chun buíochas a ghabháil lenár gcuid foghlaimoirí, gar do leathmhíliún acu, ar fud na tíre. Cuireann na foghlaimoirí sin comhchuspóir ar fáil do na BOOnna agus do BOOÉ. Spreagann an chuspóir sin muid lena chinntiú go leanaimid orainn ag soláthar na gcaighdeán is airde ar fud ár scoileanna náisiúnta pobail, scoileanna ospidéal pobail, scoileanna speisialta pobail, iar-bhunscoileanna, breisoideachas & oiliúint chomh maith le seirbhísí óige.

Agus muid ag leanúint ar aghaidh ar an turas seo in BOOÉ, déanaimid ár ndícheall ionadaíocht a dhéanamh agus oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara tábhachtacha lena n-áirítear ranna rialtais, solas agus CTI. Ní bhíonn sé éasca i gcónaí tabhairt faoi thionscnamh mar seo, ach ba mhaith liom mo chomhghleacaithe BOOÉ a mholadh lena n-áirítear a chuid ball den bhord agus a chuid fóram, a Rúnaí Ginearálta Paddy Lavelle agus iad siúd go léir atá ag obair i BOOÉ atá paiseanta agus tiomanta dár bhfoghlaimoirí.

Agus ar deireadh, buíochas leis na BOOnna ar fud na tíre. Le chéile, i gcomhpháirtíocht le BOOÉ, táimid ag taispeáint go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, go bhfuilimid ar thús cadhnaíochta ó thaobh sármhaitheas oideachais de agus go mbeidh ról suntasach againn i gcónaí i dtodhchaí an oideachais agus na hoiliúna.

Michael Maher



etbi

Education and Training
Boards Ireland
*Boird Oideachais agus
Oiliúna Éireann*

BROLLACH

Paddy Lavelle

Arís eile, is mór an onóir dom Tuarascáil Bhliantúil BOOÉ a chur i láthair dár gCruinniú Cinn Bliana don bhliain 2024.

Is eanáil uathúil í an eanáil BOO. Cuirimid oideachas ar bheagnach leathmhilliún duine gach bliain, fostaímid níos mó ná 30,000 ball foirne, agus cuirimid tacaíocht ar fáil do ranna rialtais agus iad i ngátar. Soláthraímid 30+ scoil náisiúnta pobail, 1,000+ suíomh d'fhoghlaimoirí, is muid an soláthraí oideachais is mó trí mheán na Gaeilge le 48+ scoil lán-Ghaeilge fad is atá muid ag cloí lenár gcroíluachanna agus á gcur chun cinn: Sármhaitheas san oideachas, cúram, comhionannas, meas agus pobal.

Is cúis bhróid dom a rá gur bhliain eisceachtúil eile a bhí in 2024 do BOOÉ agus do na 16 BOO. Agus mé ag cuimhneamh ar an mbliain atá díreach imithe, meabhraítear dom an ghníomhaíocht go léir a tharla ar fud ár stiúirtheireachtaí ar Scoileanna Inmheánacha agus Seachtracha TFE, lena n-áirítear Scoileanna Náisiúnta Pobail agus Iar-Bhunscoileanna, chomh maith le Breisoideachas agus Oiliúint agus Óige. Stiúirthóirí tiomnaithe atá i gceannas ar na stiúirtheireachtaí sin a bhfuil go leor comhghleacaithe iontacha lena dtaobh chun



an eagraíocht a reáchtáil go héifeachtúil agus go héifeachtach. Mar aonad, tá BOOÉ fós faoi bhláth. Agus muid ag tógáil agus ag leathnú ár gcaidreamh le páirtithe leasmhara, le comhghleacaithe, le ranna rialtais agus le comhlachtaí eile, táimid ag amharc ar an am atá le teacht le muinín agus le dóchas mór. Táimid buíoch as an maoiniú a fhaighimid ó na Ranna Oideachais agus Óige, Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíocht agus Eolaíocht, Coimirce Sóisialaí, SOLAS, agus Tusla.

Agus mé ag amharc ar a bhfuil i ndán do BOOÉ agus do na BOOnna, táim sásta go leanfaidh BOOÉ agus a chuid ball-BOO ag dul ó neart go neart. Tá mé ag súil go mór leis an mbliain amach romhainn. Táim ag tnúth leis an aistear sin a dhéanamh libh go léir.

Paddy Lavelle





TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Struchtúr agus Bainistíocht

Struchtúr

Is cuideachta faoi theorainn ráthaíochta é Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann CLG atá corpraithe in Éirinn. Cnoc an Phíobaire, Bóthar Chill Chuilinn, An Nás, Co Chill Dara, W91 K729, Éire is ea oifig chláraithe na carthanachta, arb í príomháit ghnó na carthanachta í chomh maith.


Bainistíocht

Tá Comhairle BOOÉ freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid ghnóthaí na cuideachta amhail ar dháta an chláir comhardaithe agus ar a hacmhainní atá ag teacht isteach agus a n-iarratas, lena n-áirítear ioncam agus caiteachas don bhliain. Tá an Chomhairle freagrach as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois nó mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá Ard-Rúnaí ag an gcuideachta arna cheapadh ag Comhairle BOOÉ. Tá an tArd-Rúnaí freagrach agus cuntasach do Chomhairle BOOÉ as maoirseacht agus rialú a dhéanamh ar riarachán na cuideachta.

Tuairiscíonn an tArd-Rúnaí agus an Fhoireann Bainistíochta go rialta do Chomhairle BOOÉ maidir leis an gcaoi a bhfuil an Fhís Straitéiseach á fíorú acu. Déanann siad an chuideachta a bhainistiú ó lá go lá freisin.

Scrúdaíonn an Chomhairle na príomhrioscaí straitéiseacha gnó agus oibríochta atá roimh BOOÉ agus deimhníonn sí go bhfuil beartais, nósanna imeachta agus córais á scagadh go leanúnach, de réir an chleachtais is fearr, chun na rioscaí sin a bhainistiú agus a mhaolú. Tagann Coiste Iniúchóireachta, Airgeadais agus Riosca BOOÉ le chéile go rialta agus tuairiscíonn sé do Chomhairle BOOÉ ar chúrsaí airgeadais a bhaineann leis an gcuideachta. Cabhraíonn an Coiste le Comhairle BOOÉ a feidhmeanna iniúchta inmheánaigh a chomhlíonadh, scrúdaíonn sé agus tuairiscíonn sé do Chomhairle BOOÉ maidir le cúrsaí riosca a bhaineann le Comhairle BOOÉ agus leis an gcuideachta.





TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Buaicphointí TFE



Daoine, Comhpháirtíocht, agus Acmhainn a Cheiliúradh

Agus 2024 ag druidim chun deiridh, rinneamar an chaibidil dheidh de thuras straitéiseach trí bliana BOOÉ a chomóradh, agus é dírithe ar na téamaí seo a leanas: Daoine, Comhpháirtíocht agus Acmhainneacht. Bliain de dhul chun cinn, comhoibriú, agus claochlú a bhí ann. Idir thionscnaimh inmheánacha agus imeachtaí ar fud na hearnála, bhí ról lárnach ag an bhfoireann Tacaíochta agus Forbartha Eagraíochta (TFE) chun beocht a chur inár straitéis. Seo cuid de na buaicphointí ó stiúirthóireacht TFE.

Daoine – Ag Tacú lenár bPobal agus á Cheiliúradh

Seachtain BOO 2024

Ba cheiliúradh bríomhar, seachtaine a bhí sa dara Seachtain BOO, ócáid a thug an pobal BOO le chéile chun ómós a thabhairt d'éachtaí na bhfoghlaimoirí reatha agus na n-iarfhoghlaimoirí. Ba mheabhrúchán cumhachtach é ar an tionchar a bhíonn ag BOOanna gach lá ar fud na hÉireann. Ag an ócáid, a bhí ar siúl i bPáirc Thuamhan, Luimneach, tugadh aitheantas d'íarscoláirí eisceachtúla, lena n-áirítear Vicky Phelan, nach maireann, Jamie Duffy agus an lúthchleasaí parailimpeach Roisin Ní Riáin, chomh maith le sparánachtaí suntasacha a bhronnadh ar fhoghlaimoirí reatha. In 2024 freisin, bhuaigh an tionscnamh Gradam PR náisiúnta don Fheabhas, ó Chumann na gComhairleoirí Caidrimh Phoiblí (CCCP).

Lá Náisiúnta Folláine

Sheolamar Straitéis Folláine BOOÉ go bródúil, ag treisiú ár dtiomantas do mheabhairshláinte agus do shláinte choirp. Tacaíonn an tionscnamh sin le cultúr



cúraim agus athléimneachta do gach duine inár dtimpeallachtaí foghlama agus oibre. Chuireamar fáilte roimh chomhghleacaithe ó gach cearn d'Éirinn chuig Ceanncheathrú BOOÉ chun an seoladh a cheiliúradh, lena n-áirítear ár nUachtarán Michael 'Moegie' Maher.

Sraith Fáis Ghairmiúil 2024

Chuir sraith na bliana sin clár saibhir deiseanna foghlama agus forbartha ar fáil, rud a spreag baill foirne chun eolas a roinnt, fás go gairmiúil, agus nascadh ar fud ról agus réigiún. Mheas an fhoireann gur deis uathúil é sin do chomhghleacaithe glacadh le comhroinnt eolais agus neartú muiníne.

Clár Ceannaireachta BOOÉ 2024

Tionscnamh nua atá deartha chun ceannaireacht a chothú ag gach leibhéal. Tá an clár sin ag cabhrú cheana féin chun an chéad ghlúin eile de cheannairí a mhúnlú laistigh dár n-eagraíocht.





TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Buaicphointí TFE



Comhpháirtíocht – Naisc a Neartú ar fud na hEarnála

Comhdháil Bhliantúil BOOÉ 2024

Ócáid a sheas amach a thug guthanna le chéile ó gach cearn den tírdhreach oideachais agus oiliúna. Ba spás é *'Éist le mo Ghuth: An Foghlaimeoir san Oideachas & Saoránacht'* don idirphlé, don nuálaíocht, agus don fhoghlaím chomhroinnte.

Buaicphointí na comhdhála ab ea aitheasc ón Aire Patrick O'Donovan agus eochairchaint ó iarfhoghlaimeoir BOO Chathair Bhaile Átha Cliath, Deborah Somorin.

Cruinnithe Comhpháirteacha den Fhóram

Chuir na cruinnithe sin deiseanna luachmhara ar fáil chun machnamh a dhéanamh ar dhúshláin ar fud na hearnála agus chun ár gcomhiarrachtaí a ailíniú. Tá siad mar bhunchloch den chomhoibriú straitéiseach i gcónaí.



Seoladh Straitéise Gnóthaí Poiblí

Seoladh an cháipéis sin ag an am céanna le toghcháin 2024 agus tá ár straitéis nua ag neartú rannpháirtíocht BOOÉ le lucht déanta beartas agus le páirtithe leasmhara, ag cinntiú go gcloistear guth na hearnála maidir leis na saincheistanna is tábhachtaí, lena n-áirítear foirgnimh BOO, scoileanna DEIS, obair ógra, athchumrú agus go leor eile.

Chonacthas é sin ag Seoladh na Straitéise Gnóthaí Poiblí; bhí a lán Teachtaí Dála agus Seanadóirí i láthair ag an ócáid agus rinne na meáin clúdach nach beag ar an scéal.





TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Acmhainneacht – Ag Tógáil don Todhchaí



Aistriú go Cuideachta faoi Theorainn Ráthaíochta

Ba garsprioc mhór í an t-aistriú sin inár dturas rialachais. Cinntíonn sé go bhfuil BOOÉ in áit mhaith don todhchaí, le struchtúr a thacaíonn le trédhearcacht, le cuntasacht agus le fás.

Córais Nua a Chur i bhFeidhm

Córas Taistil Core

Rinne foireann na gCuntas próisis airgeadais agus tuairisciú ioncaim feabhsaithe a chuíchoiriú.

Córas Bainistíochta Riosca

Chuir an próiseas sin lenár gcumas rioscaí a aithint agus a bhainistiú go réamhghníomhach laistigh den eagraíocht.

Bliain 3 de Straitéis Cumarsáide BOOÉ

I gcomhar leis an gCoiste Stiúrtha Cumarsáide agus leis an Líonra, leanamar orainn ag neartú phróifíl agus achomharc na BOOnna, chomh maith le cumas ár mball BOOnna a fhorbairt tríd an teastas tiomnaithe i gCumarsáid BOO, a seachadadh i gcomhpháirtíocht le hInstitiúid Caidrimh Phoiblí na hÉireann.



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Rialachas Corparáideach – Ag Cinntiú go bhFuilimid Cuntasach agus Trédhearcach



Rialachas

Tá an chuideachta faoi rialú ag doiciméad bunreacht. De réir fhorálacha Bhunreacht na cuideachta, bunaíodh Comhairle BOOÉ agus tharmlig na Stiúrthóirí cumhachtaí feidhmiúcháin cuí chuici. Tá gnóthaí na cuideachta faoi mhaoirseacht Chomhairle BOOÉ.

Tá sé bhall déag san iomlán ar Chomhairle BOOÉ, comhdhéanta mar seo a leanas:

- Ochtar atá ainmnithe ag Fóram na mBall Cúltaca, a bhfuil duine acu ainmnithe ag an bhFóram sin le bheith ina Chathaoirleach ar Chomhairle BOOÉ (Uachtarán BOOÉ). Tá ainmní amháin ó gach ceann de na 16 bhall-Bhord Oideachais & Oiliúna ("BOOnna") ar Fóram na mBall Cúltaca, tar éis dá gcuid Bord Oideachais agus Oiliúna faoi seach iad a ainmniú.
- Ochtar atá ainmnithe ag Fóram Oibriúcháin na bPríomhfheidhmeannach agus a bhfuil duine acu ainmnithe ag an bhFóram sin le bheith ina Leas-Chathaoirleach ar Chomhairle BOOÉ (Leas-Uachtarán BOOÉ). Tá Fóram Oibriúcháin na bPríomhfheidhmeannach comhdhéanta de Phríomhfheidhmeannaigh ó gach ceann de na 16 bhall-BOO.



Cruinniú Cinn Bliana

Bhí an CCB ina phríomhphointe i Samhain 2024 chun machnamh a dhéanamh ar éachtaí na bliana roimhe sin, chun pleananna amach anseo a roinnt chomh maith lenár dtiomantas do dhea-rialachas a athdhearbhú le cur i láthair na gcuntas bliantúil.

Ag Breathnú Chun Tosaigh

Is féidir le haonad inmheánach TFE breathnú siar le bród agus a thimthriall straitéiseach á dhúnadh aige, agus é ag tnúth leis an gcéad straitéis eile go muiníneach. Léiríonn an dul chun cinn atá déanta in 2024 dúthracht ár ndaoine, láidreacht ár gcomhpháirtíochtaí, agus an acmhainneacht a leanaimid orainn a nochtaidh mar an pobal BOO. #ETBStrongerTogether.



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

TFE Seachtrach



Córais a Neartú, Ag Tacú le Daoine:

In 2024, lean an tAonad Seachtrach TFE ag BOOÉ de ról ríthábhachtach a bheith aige maidir le tacú le struchtúr oibríochtúil na hearnála. Trí roinnt comhdhálacha agus imeachtaí ardtionchair, thug an t-aonad gairmithe ó gach cearn den tír le chéile chun eolas a roinnt agus todhchaí seirbhísí comhroinnte, rialachais agus inbhuanaitheachta san oideachas a mhúnlú. Léirigh na cruinnithe sin tiomantas comhroinnte do chomhoibriú, d'fheabhsú leanúnach, agus d'ailíniú ar fud na hearnála.

Comhdháil Acmhainní Daonna & Párolla SCGO/BOO: Foirne a Chumasú Trí Chomhoibriú & Foghlaim

I mí an Mhárta 2024, d'óstáil an Roinn Oideachais agus Seirbhísí Comhroinnte Gnó Oideachais (SCGO), i gcomhpháirtíocht le BOOÉ, Comhdháil Acmhainní Daonna & Párolla SCGO/BOO i mBaile Átha Luain. *"Cumasú Foirne Trí Chomhoibriú & Foghlaim,"* an téama a bhí i gceist agus bhí an t-imeacht mar phríomhfhóram do ghairmithe Acmhainní Daonna agus párolla ar fud na hearnála BOO.

Bhí clár cainteoirí agus seisiún mar chuid den chomhdháil, lena n-áirítear cur i láthair réamhbhreathnaitheach ar an gClár Oibre don Todhchaí do SCGO agus don Earnáil BOO sa Timpeallacht Seirbhísí Comhroinnte le Micheál Lenihan agus Jacqui Gaines. Ghlac an lucht freastail páirt i bplé fiúntach maidir le samhlacha seirbhíse atá ag teacht chun cinn, claochlú digiteach, agus an tábhacht a bhaineann le comhoibriú trasearnála chun seirbhísí éifeachtúla atá dírithe ar dhaoine a sholáthar.

Léirigh an ócáid ról ríthábhachtach na bhfoirne Acmhainní Daonna agus párolla maidir le feidhmiú éasca na mBord Oideachais agus Oiliúna a chumasú agus leag sé béim ar luach na foghlama comhroinnte maidir le bealach a dhéanamh trí thírdhreacha oibríochta casta.

Lá Nuashonruithe Dlí 2024: Ag Tacú le Ceannairí Scoile le Treoir Phraiticiúil

Idir Aibreán agus Bealtaine 2024, chuir Aonad Tacaíochta Seirbhísí Dlí (ATSD) BOOÉ sraith de Laethanta Nuashonruithe Dlí ar fáil do Phríomhoidí BOO agus do Phríomhoidí Tánaisteacha. Reáchtáladh iad ar fud ceithre ionad réigiúnacha - Baile Átha Cliath, Luimneach, Baile Átha Luain, agus Sligeach - thug na seisiúin sin treoir dhlíthiúil thráthúil, phraiticiúil do cheannairí scoile maidir le buncheisteanna a théann i bhfeidhm ar bhainistíocht scoile.

I measc na n-ábhar a pléadh bhí:

- Iontrálacha, lena n-áirítear seicliosta maidir le ranganna speisialta
- Cód lompair agus a chur chun feidhme
- Tuismitheoirí a Bhainistiú agus déileáil le hidirghníomhaíochtaí casta
- Foireann a bhainistiú laistigh de chreat dlíthiúil agus nós imeachta

Chinntigh an fhormáid réigiúnach inrochtaineacht agus rannpháirtíocht nach beag dóibh siúd atá lonnaithe ar fud na tíre, agus cuireadh teorainn 100 rannpháirtí le gach seisiún chun idirghníomhaíocht fhiúntach a éascú. Leag aiseolas ón lucht freastail béim ar luach na seisiún maidir le muinín agus soiléireacht a chothú maidir le freagrachtaí dlíthiúla i gceannaireacht scoile.



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

TFE Seachtrach

Comhdháil Airgeadais & Soláthair SCGO/BOOÉ: An Todhchaí a Mhúnlú le Chéile

Imí Dheireadh Fómhair 2024, thug Comhdháil Airgeadais & Soláthair SCGO/BOOÉ gairmithe airgeadais, ceannairí soláthair agus páirtithe leasmhara sinsearach le chéile faoin téama “An Todhchaí a Mhúnlú le Chéile.” Arna eagrú ag an Roinn Oideachais, SCGO, agus BOOÉ, chuir an ócáid ardán straitéiseach ar fáil chun iniúchadh a dhéanamh ar thírdhreach athraitheach an rialachais airgeadais agus an tsoláthair san earnáil BOO.

I measc na bpríomhchainteoirí bhí:

- **Bernie McNally**, Ard-Rúnaí, An Roinn Oideachais
- **Martin Clohessy**, Ceann Oibríochtaí Móra, SCGO
- Ionadaithe ó Ernst & Young, ag tabhairt léargas ar dhea-chleachtais airgeadais
- **Paddy Lavelle**, Ard-Rúnaí, BOOÉ

Dhírigh an chomhdháil ar thrédhearcacht, ar chuntasacht agus ar nuálaíocht in oibríochtaí airgeadais a fheabhsú. Rinne seisiúin iniúchadh ar chomhtháthú uirlisí digiteacha, ar thábhacht na cinnteoireachta faoi thionchar sonraí, agus ar ról an tsoláthair maidir le tacú le hinbhuanaitheacht agus luach ar airgead.

Comhdháil um Ghníomhú ar son na hAeráide BOO/ÚFIÉ: Cumhachtú & Deiseanna do BOOnna

I mí Dheireadh Fómhair freisin, bhí an tríú Comhdháil bhliantúil um Ghníomhú ar son na hAeráide BOO/ÚFIÉ ar siúl, rud a bhí ina garspíoc shuntasach i dturas inbhuanaitheachta na hearnála. Le téama “*Cumhachtú & Deiseanna do BOOnna*,” chomhordaigh an Grúpa Oibre um Ghníomhú ar son na hAeráide agus um Inbhuanaitheacht an ócáid, a chuimsíonn níos mó ná 60 ball ó gach ceann de na 16 BOO anois.

Buaicphointe mór ba ea nochtadh togra le haghaidh Biúró Fuinnimh nua, a dearadh chun tacú le BOOnna deiseanna coigilte fuinnimh a aithint, tús áite a thabhairt do phríomhréimsí fócais, agus ailíniú leis an Sainordú náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024. Oibreoidh an Biúró go dlúth le hOifig Fuinnimh BOO chun dul chun cinn a thiomáint i dtreo spriocanna



uaillmhianacha: laghdú 51% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa agus feabhas 50% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030.

I measc na gcainteoirí bhí:

- **Aideen Foley**, Príomhoifigeach, Gníomhú ar son na hAeráide agus Pleanáil Caipitil, RBATNE
- **Karen Whitlow**, An Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil
- **Declan Meally**, Stiúrthóir Gnó, Earnáil Phoiblí, Earnálacha Rialála & Iompair, ÚFIÉ

Threisigh an chomhdháil ceannaireacht na hearnála i ngníomhú ar son na haeráide agus an tábhacht a bhaineann le hinbhuanaitheacht a leabú i ngach gné d'oibríochtaí BOO - ó phleanáil caipitil go dearadh curaclaim.

Ag Breathnú Chun Tosaigh

Tháinig téama coitianta chun cinn sna himeachtaí go léir: cumhacht an chomhoibrithe chun athrú fiúntach a chur chun cinn. Ó nuashonruithe dlíthiúla go seirbhísí comhroinnte agus ó rialachas airgeadais go gníomhú ar son na haeráide, léirigh an obair a rinne an tAonad Seachtrach TFE in 2024 tiomantas domhain do thacú le BOOnna chun oideachas ar ardchaighdeán atá dírithe ar an todhchaí a sholáthar.

Ní hamháin gur chuir na comhdhálacha sin uirlisí agus léargais phraiticiúla ar fáil ach chothaigh siad fíorthuiscint ar chuspóir chomhroinnte agus ar phobal gairmiúil. De réir mar a bhreathnaíonn an earnáil chun cinn go dtí 2025, leanfaidh na dúshraitheanna a leagadh síos ag tacú le nuálaíocht, le hathléimneacht agus le barr feabhais ar fud thírdhreach TFE.



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Tuarascáil Bhliantúil FET



Dul Chun Cinn agus Conairí i mBOO a Cheiliúradh

Tháinig an earnáil Breisoideachais agus Oiliúna (BOO) le chéile i mí Feabhra 2024 le haghaidh comhdháil bheoga spreagúil dhá lá in Óstán Athlone Springs. “Conair ” an téama a bhí ag an ócáid, rud a thug oideachasóirí, lucht déanta beartas agus ionadaithe ó earnáil na tionsclaíochta le chéile chun iniúchadh a dhéanamh ar an iliomad bealaí is féidir le foghlaiméoirí a dhéanamh tríd an gcóras BOO. D’oscail Anne McHugh, Príomhfheidhmeannach BOO Dhún na nGall, an chomhdháil, agus ina dhiaidh sin thug an Dr Justin Rami ó OCBÁC eochairchaint a raibh ábhar machnaimh ann. Bhí cainteoirí dinimiciúla ar an stáitse lena n-áirítear Sonya Lennon, Triin Lassi Oige, agus David Delaney, agus thug gach duine acu perspicitíochtaí úra ar an tírdhreach BOO atá ag teacht chun cinn.

I bhforbairt spreagúil eile, tá an modúl iVET leagtha amach chun an Idirbhliain (IB) a athrú trí ghairmoideachas agus gairmoiliúint a chomhtháthú sa tsraith shinsearach. Arna fhorbairt i gcomhpháirtíocht le CNCM, BOOÉ, agus SOLAS, cuireann iVET eispéiris phraiticiúla ar fáil do mhic léinn na hIdirbhliana i réimsí amhail meicnic, na healaíona cócaireachta, agus sláinte agus áilleacht. Tógann an tionscnamh sin ar chomhoibrithe atá ann cheana idir scoileanna agus soláthraithe BOO, ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin roimhe seo trí chur chuige solúbtha, mac léinn-lárnach. Táthar ag súil go bhfoilseofar an modúl i mí Eanáir 2025, agus tá scoileanna agus BOOnna ag ullmhú do rannpháirtíocht mhéadaithe sa bhliain acadúil 2025/26.

Tá tacú le fás gairmiúil na foirne BOO fós ina bhunchloch d’obair BOOÉ. Leanann an Mol Foghlama & Forbartha Gairmiúla (F&FG), arna mhaoiniú ag SOLAS, ag forbairt acmhainní ar fud na 16 BOO ar fad. In 2024, rinneadh



suirbhé náisiúnta ar Anailís ar Riachtanais Scileanna a fhorbairt trí cheardlann chomhoibríoch “Meitheal Mhachnaimh” a raibh cuidiú aici le tosaíochtaí foghlama na bliana a mhúnlú. Chinntigh seimineáir ghréasáin mhíosúla, iad go léir taifeadta agus ar fáil trí Leabharlann Dhigiteach BOOÉ, go bhféadfadh baill foirne ar fud na tíre tabhairt faoi oiliúint ábhartha ar ardchaighdeán.

Thug cláir shaincheaptha aghaidh ar riachtanais atá ag teacht chun cinn, le topaicí ó IS san oideachas agus inbhuanaitheacht go hoideachas vótálaithe agus dearadh uilíoch. Tá ról lárnach ag an Mol F&FG freisin maidir le Treoir BOO a chur chun cinn, go náisiúnta agus ar fud na hEorpa araon, trína rannpháirtíocht sa líonra Euroguidance.

Ar deireadh, thug Cuaireanna Staidéir Soghluaisteachta Lucht na hAcadúlachta an deis do ghairmithe treorach foghlaim ó chomhghleacaithe ar fud na hEorpa. Agus iad á gcomhordú ag BOOÉ, chothaigh na malartuithe gearrthéarmacha sin comhoibriú idirnáisiúnta agus thug siad smaointe úra ar ais chuig earnáil BOO na hÉireann.





TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Tuarascáil Bhliantúil FET



Cuimsiú, Treoir agus Folláine a Chothú in BOO:

I mí Dheireadh Fómhair 2024, bhailigh an earnáil BOO le chéile in Óstán Athlone Springs do *Euroguidance: Ré Nua*, imeacht a thug ionchur Eorpach do chleachtas treorach. Bhí breis agus 90 gairmí i láthair agus bhí léargais ón Roinn Oideachais, DCCÉ, agus ó ionadaithe Euroguidance ón Laitvia, ón Eastóin, agus ón tSualainn – rud a neartaigh naisc idirnáisiúnta agus a leathnaigh peirspictíochtaí.

Bhí cuimsiú fós ina phríomhfhócas i rith na bliana. Leag an tionscadal **Buntáistí Níos Leithne Foghlama** béim ar an taithí atá ag foghlaimeoirí ar fhás pearsanta agus sóisialta in BOO - amhail muinín, athléimneacht agus éirim mhothúchánach. Reáchtáladh an tionscnamh ar bhonn pólótach i 8 mBOO agus bhí níos mó ná 800 foghlaimeoir páirteach ann. Bhí comhoibriú fairsing i gceist leis agus thacaigh micrealáithreán tiomnaithe leis. Tá sé mar aidhm ag an gcéad chéim eile rochtain a leathnú chuig gach ceann de na 16 BOO.

Rinne Aitheantas Réamhfhoghlama (ARF) dul chun cinn suntasach freisin. Bhí ról ceannasach ag BOOÉ sa **VPL Biennale**, imeacht idirnáisiúnta ina raibh 370 duine i láthair ó 31 tír. Bhí guthanna BOO na hÉireann le cloisteáil go soiléir ann, lena n-áirítear cur i láthair comhpháirteach le comhpháirtithe ón bhFionlainn maidir le hionchuimsiú trí ARF. Mar thoradh ar an rannpháirtíocht sin cruthaíodh Líonra ARF nua a

bhaineann go sonrach le BOO, a seoladh i mí na Samhna, agus leanadh le ranníocaíochtaí le Líonra Náisiúnta na gCleachtóirí ARF.

Cuireadh meabhairshláinte agus folláine chun cinn trí **Chreidiúnú Meabhairshláinte Foghlaimeoirí BOO**, a seoladh ar Lá Domhanda Meabhairshláinte 2023. Aithníodh sé thionscnamh is tríocha chun meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn, le taispeántas ag Comhdháil BOO 2024. Tá dea-chleachtas le feiceáil ar mhicrealáithreán anois, agus leathnaíodh eagrán 2024 chun tionscnaimh Leibhéal 2 a chur san áireamh, le tacaíocht ó sheimineár gréasáin téamúil agus ábhar ó shíceolaithe agus ó dhámhachtaithe.

Chomh maith leis sin, chuir BOOÉ comhpháirteachas poiblí chun cinn trí sheimineár gréasáin um **Shaoránacht Ghníomhach agus Oideachas Vótálaithe** i mí Aibreáin 2024. Roimh na toghcháin áitiúla agus Eorpacha, chumasaigh ceithre sheisiún oiliúna réigiúnacha teagascóirí chun cúrsa Oideachais Vótálaithe IOABÁC a sheachadadh, ag cabhrú le foghlaimeoirí roghanna eolasacha a dhéanamh agus dul i mbun an tsaoil dhaonlathaigh.

Ar deireadh, cuireann an **Creat Tacaíochta Comhsheasmhach d'Fhoghlaimeoirí**, a seoladh i mí Iúil 2024 i gcomhpháirtíocht le SOLAS, cur chuige aontaithe ar fáil maidir le tacaíocht d'fhoghlaimeoirí a fheabhsú ar fud BOO. Tá sé mar aidhm ag an acmhainn ar líne sin eispéreas comhsheasmhach ar ardchaighdeán a chinntiú do gach foghlaimeoir.



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Tuarascáil Bhliantúil FET



In 2024, chuir BOOÉ ionchuimsiú, rochtain agus feachtas gairme chun cinn ar fud BOO. Tacaíonn an *Creat um Eispéireas Seasmhach Foghlaimoirí*, a seoladh le SOLAS, le forbairt tacaíochta d'fhoghlaimoirí ar fud na hearnála. Neartaigh prótacal nua BOOÉ – GBRÁ comhoibriú idir BOOnna agus leabharlanna. Eisíodh acmhainn athbhreithnithe um Incháilitheacht Imirceach le haghaidh BOO chun soiléireacht agus comhsheasmhacht a chinntiú. D'óstáil BOOÉ seimineáir éifeachtacha CÉI agus chuir a chuid ball le comhdhálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta. Shroich an Tionscadal Bosca Scileanna BOO, a seoladh i mí Aibreáin, gach ceann de na 727 meánscoil, ag cur conairí gairme BOO chun cinn trí ábhair bhríomhara atá bunaithe ar an earnáil. Léiríonn na tionscnaimh sin tiomantas BOOÉ do chothromas, deis agus dul chun cinn foghlaimoirí ar fud thriúrdhreach an oideachais.

In 2024, lean BOOÉ ag cur le hinfheictheacht agus le rochtain ar dheiseanna BOO. Nuashonraíodh Leabharlann Dhigiteach BOOÉ chun na cairteacha gairme agus sonraí na gclár uile a bhaineann le Bosca Scileanna BOO a óstáil, ábhar atá curtha in oiriúint do ghléasanna soghluaiste anois lena chinntiú go mbeidh sé éasca ag daoine rochtain a fháil air. Rinneadh athbhreithniú ar na Treoirínte Oibríochtúla do Sholáthraithe na nDeontas *Ar Aghaidh* trí ghrúpa oibre earnála, agus cuireadh dréacht deiridh faoi bhráid páirtithe leasmhara le haiseolas a fháil. De thairbhe go raibh BOOÉ i láthair ag mórimeachtaí náisiúnta – Scileanna Domhanda Éireann, an Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta, agus Ardghanna/Higher Options-chabhraigh sé le BOO a chur chun cinn do na mílte mac léinn, tuismitheoirí agus oideachasóirí. Bhí an t-aonad um Scileanna Tógála sa Todhchaí i gceannas ar thionscnaimh amhail Aonach Gairmeacha Printíseachta Tógála agus ócáid do Mhná san Fhoirgníocht i nGaillimh, rud a chuir ar chumas na mban gairmeacha san earnáil sin a fhiosrú.



Léiríonn na hiarrachtaí sin, in éineacht le comhoibriú leanúnach le RCS agus CIF, tiomantas BOOÉ d'oideachas cuimsitheach, inrochtana agus dírithe ar an todhchaí agus do chonairí gairme.

Ag Breathnú Chun Tosaigh

Ag tógáil ar mhóiminteam 2024, tá an earnáil BOO réidh le nuálaíocht, cuimsiú agus tionchar leanúnach sa bhliain amach romhainn. Geallann rolladh amach an mhodúil iVET san Idirbhliain comhoibriú scoile-BOO a dhoimhniú, agus cuirfidh leathnú an Chreata Sheasmhaigh Tacaíochta d'Fhoghlaimoirí le heispéirí foghlaimoirí ar fud na tíre. Tá forbairt ghairmiúil ina tosaíocht i gcónaí, agus tá an Mol F&FG leagtha amach chun téamaí atá ag teacht chun cinn amhail IS agus inbhuanaitheacht a fhiosrú.

Leanfaidh cuimsiú, treoir, agus comhpháirteachas poiblí ag múnú comhpháirtíochtaí náisiúnta agus Eorpacha. Le bunús láidir agus fíis chomhroinnte, tá BOO réidh le conairí nua a leagan amach a chumasaíonn foghlaimoirí agus a neartaíonn pobail.





TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Clár Ceannaireachta Teagaisc

Oideachasóirí a Chumasú, Foghlaim a Shaibhriú

Bliain mhachnaimh, athnuachana agus dul chun cinn don Chlár Ceannaireachta Teagaisc (CCT) ab ea 2024. Mar thionscnamh foghlama gairmiúla, leanann an CCT ag tacú le hoideachasóirí san earnáil bunscoile, san earnáil iar-bhunscoile agus san earnáil breisoideachais chun an teagasc agus an fhoghlaim a fheabhsú. Thar aon rud eile, baineann an clár le cumhacht a thabhairt dá mhúinteoirí machnamh domhain a dhéanamh ar a gcleachtas, a straitéisí teagaisc a bheachtú, agus eispéiris foghlama a gcuid scoláirí a shaibhriú.

Fís i mBun Gnímh

Tá CCT bunaithe ar mhisean:

- Cleachtas machnamhach a chothú i measc múinteoirí
- Roghanna teagaisc atá bunaithe ar fhianaise a spreagadh d'aon ghnó
- Tuiscint a dhoimhniú ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag gníomhartha múinteoirí ar rannpháirtíocht agus ar ghnóthachtáil scoláirí
- Tacú le timpeallachtaí foghlama cuimsitheacha, spreagúla agus sábháilte
- Feasacht ar riachtanais agus stíleanna foghlama éagsúla a chur chun cinn
- Bainistíocht an tseomra ranga agus a chaidrimh idir mic léinn agus múinteoirí a neartú
- Cultúr athbhreithnithe agus feabhsúcháin leanúnaigh a chothú ag gach leibhéal - an duine aonair, an roinn agus an scoil uile

I mí na Nollag 2023, sheol Coiste Stiúrtha Náisiúnta an CCT Plean Straitéiseach nua do 2023 -2026, ina leagtar amach cúig thosaíocht chun forbairt an chlár a threorú. Ina measc sin tá:

1. Seachadadh Inbhuanaithe an CCT
2. Struchtúir Tacaíochta do Scoileanna Iarchéime agus Ceannairí Múinteoirí
3. Taighde agus Meastóireacht chun bonn eolais a chur faoi chleachtas agus é a fheabhsú
4. Comhpháirtíochtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta
5. Deiseanna Foghlama Gairmiúla do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí

Is féidir an plean iomlán a fheiceáil ag www.instructionalleadership.ie



INSTRUCTIONAL
LEADERSHIP
programme



'Ár Scéal' a roinnt i lár an Aonaigh Dhomhanda

I mí Eanáir, bhí CCT le feiceáil ag an 37ú Comhdháil Idirnáisiúnta um Éifeachtacht agus Feabhsú Scoile (CIÉFS) i gColáiste na Tríonóide. Thug sé sin deis don CCT a thuras a roinnt le taighdeoirí agus oideachasóirí idirnáisiúnta



Slán leis an Ollamh Barrie Bennett

I mí an Mhárta tháinig an comhoibriú seanbhunaithe leis an Ollamh Barrie Bennett chun deiridh. Tar éis 16 bliana de chabhair thar na bearta, d'éirigh Barrie as. Reáchtáladh ócáid cheiliúrtha ar an 8ú Márta, le teachtaireachtaí buíochais ón Tánaiste Micheál Martin agus ón Aire Oideachais Norma Foley. Leanfaidh a oidhreacht ar aghaidh, ag múnú an chlár.



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Clár Ceannaireachta Teagaisc



Ag Fáiltiú roimh Chéimithe Nua agus Tús Nua

- Bhain Cohórt 15 céim amach i mí an Mhárta, grúpa éagsúil a bhí ann de cheannairí scoile agus múinteoirí ó gach cearn den earnáil iar-bhunscoile.
- I mí na Samhna, thosaigh Cohórt 16 ar a n-aistear, an chéad cheann a d'éascaigh an Dr Rebecca Saunders ó Choláiste Mhuire gan Smál. Cuimsíonn an chéim nua sin fócas ar athrú oideachais a threorú agus Treibheanna, creat a chuireann timpeallachtaí foghlama chun cinn atá comhoibríoch, measúil agus a thugann tacaíocht mhothúchanach do dhaoine.

Ag Tacú le Bunoidreachas

Bhí CCT ar bís a chuid oibre a leathnú san earnáil bunscoile le seoladh Eochair – *Bunús na Faoghla Sása, Gníomhaí agus Ionchuimsithí*. Arna éascú ag Sandra Larkin agus Linda O'Meara, thacaigh an cúrsa samhraidh sin le múinteoirí an curaclam bunscoile nua a chur i bhfeidhm agus cuireadh ar fáil é in Ionad Oideachais Luimnigh.

Comhoibriú Idirnáisiúnta: Lasair

I gcomhpháirtíocht le CNPPT agus DRUŠTVO RAVNATELJ (an tSlóivéin), fuair CCT maoiniú Léargas KA210 - SCH chun

Lasair a fhorbairt, clár foghlama gairmiúla do cheannairí sinsearach scoile.

- I mí Eanáir, chuir sé fáilte roimh ár gcomhghleacaithe Slóivéineacha go Corcaigh
- I mí na Bealtaine, thug ionadaithe an CCT cuairt ar scoileanna agus ar Scoil Náisiúnta na Ceannaireachta sa tSlóivéin.
- Reáchtáladh Lasair ar bhonn píolótach le 12 scoil idir mí an Mhárta agus mí na Bealtaine, agus reáchtáladh imeachtaí páirtithe leasmhara i mí Mheán Fómhair agus i mí na Nollag.

Comhdhálú agus Cóitseáil Piartheagaisc

Cuireadh tús le Cohórt 2, arna éascú ag an Dr Rebecca Saunders, i mí Dheireadh Fómhair. Tugann an clár sin scileanna cóitseála do mhúinteoirí chun tacú le piarfhoghlaim agus fás gairmiúil leanúnach. Tá seisiúin 2 agus 3 sceidealaithe do 2025.

Taighde agus Machnamh

Sheol CCT Plean Taighde chun bailiú agus meastóireacht sonraí a threorú ar fud príomhréimsí, lena n-áirítear Machnamh Gairmiúil agus Lasair. Tá an obair sin ag déanamh eolais dár dtuiscint ar thionchar cheana féin agus ag treorú forbairtí amach anseo.

Ag Breathnú Chun Tosaigh

Léiríonn an tuarascáil seo an dúthracht, an nuálaíocht agus an comhoibriú a shainíonn an pobal CCT.

De réir mar a bhogann CCT isteach in 2025, beidh sé fós dírithe ar a thionchar a dhoimhniú, a cumhacht a leathnú, agus tacú le hoideachasóirí ina gcuid oibre rithábachtach mar cheannairí teagaisc.





TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Stiúrthóireacht na Scoileanna: Scoileanna Náisiúnta Pobail (SNP)



In 2024, lean Stiúrthóireacht SNP uirthi ag cur sainéiteas na scoileanna BOO ar fud na tíre chun cinn maidir le féiniúlacht agus ionchuimsitheacht. Trí réimse tionscnamh straitéiseach, thacaigh an Stiúrthóireacht le fás agus forbairt bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna faoi phátrúnacht BOO, ag cinntiú ailíniú le luachanna an chuimsithe, na héagsúlachta agus an oideachais fhoghlaimeoirláirnaigh.

Nuálaíocht Curaclaim: Oideachas Féiniúlachta, Ilchreidimh agus Luachanna (OFIL)

Tar éis scéim phíolótach rathúil 2023 den churaclam um Oideachas Féiniúlachta, Ilchreidimh agus Luachanna (OFIL) i 44 iar-bhunscoil BOO, leathnaíodh an curaclam go 62 scoil bhreise in 2024. Is ionann OFIL agus an chéad léiriú curaclaim ar éiteas BOO ag leibhéal na hiar-bhunscoile, agus mic léinn a mhealladh i dtrí phríomhréimse:

- Iniúchadh a dhéanamh ar ár Luachanna
- Féiniúlacht agus Muintearas a Chothú
- Éagsúlacht Reiligiún agus Chreideamh a Thuiscint

Tacaítear leis an gcuraclam trí mheascán d'oiliúint phearsanta, seimineáir ghréasáin ar líne, agus acmhainní

"Rud éigin a bhí in easnamh i go leor scoileanna BOO ba ea OFIL. Freastalaíonn sé go fírinneach ar riachtanais ár bpobal éagsúil scoláirí."

- Múinteoir OFIL

"Tá 20 náisiúntacht inár scoil agus tugann OFIL deis do dhaltaí peirspictíochtaí éagsúla a thuiscint agus a mheas, rud a chabhraíonn linn daoine aonair níos dea-oilte a mhúnlú."

- Príomhoide OFIL

teagaisc cuimsitheacha. Faoi Mheán Fómhair 2025, táthar ag súil go mbeidh 89 iar-bhunscoil BOO ag seachadadh OFIL, agus táthar ag súil le tuilleadh fáis sna cúig bliana amach romhainn.

Tacaíocht don Churaclam Bunscoile: Goodness Me, Goodness You! (GMGY)

Tá curaclam GMGY, atá i bhfeidhm ó 2018, fós ina bhunchloch d'oideachas bunaithe ar luachanna i mbunscoileanna agus i scoileanna speisialta BOO. In 2024, chuir BOOÉ lena thacaíocht do GMGY trí:

- Cláir ionduchtúcháin d'fhoireann nua
- Cuairteanna agus oiliúint scoilbhunaithe
- Pobal cleachtais meáncheannairí

Garsprioc shuntasach ab ea forbairt ábhar tacaíochta nua chun cur chuige teagaisc uilechuimsithigh a chur chun cinn laistigh de GMGY. Ina theannta sin, cúrsa samhraidh 20 uair an chloig dar teideal "Foghlaim agus Teagasc i GMGY a Fheabhsú."



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Stiúrthóireacht na Scoileanna: Scoileanna Náisiúnta Pobail (SNP)

Acmhainn a Fhorbairt: Rannpháirtíocht in Oideachas Tosaigh Múinteoirí (OTM)

Tosaíonn tiomantas BOOÉ do churaclaim éiteas agus pátrún a leabú ag na céimeanna is luaithe d'ullmhú múinteoirí. In 2024, chuaigh an Fhoireann SNP agus Pátrúnachta i dteagmháil le thart ar 1,000 múinteoir faoi oiliúint i seacht n-institiúid OTM, lena n-áirítear:

- Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh – Sligeach
- Ollscoil Chathair BhÁC
- Coláiste Hibernia
- Institiúid Oideachais Marino
- Coláiste Mhuire gan Smál – Luimneach agus Durlas
- Ollscoil Luimnigh

Ba í an fhorbairt ba straitéisí sa réimse sin ná an obair leanúnach ar an gCreat um Aitheantas Deimhniúcháin chun Curaclaim Phátrúin Oideachais Eiticiúla, Ilchreidimh agus Luachanna a Mhúineadh. Arna fhorbairt i gcomhpháirtíocht le Ag Foghlaim le Chéile agus i gcomhar leis na cúig phríomhsholáthraí Oideachais Tosaigh do Mhúinteoirí, beidh an creat sin - le seoladh in 2025 - in ann múinteoirí réamhsheirbhíse a dheimhniú chun curaclaim na bpátrún a mhúineadh i scoileanna Náisiúnta Pobail agus i scoileanna Ag Foghlaim le Chéile araon. Is céim shuntasach é sin i dtreo na cothromaíochta in ullmhúchán múinteoirí i gcineálacha éagsúla scoile.



Ag Tacú le Ceannairí Scoile: Líonraí Ceannaireachta SNP agus SSP

Pobal Cleachtais do Cheannairí Scoile

Tá 32 Scoil Náisiúnta Pobail agus 9 Scoil Speisialta Pobail (SSP) ag feidhmiú faoi phátrúnacht BOO anois agus leanann BOOÉ ag tacú le ceannairí scoile trí Shainphobal Cleachtais. In 2024, tionóladh ocht gcruinniú ar líne, ag tairiscint:

- Ionchuir shaineolacha ó eagraíochtaí amhail OIDE, LPBÉ, an Chigireacht, agus CNCM
- Plé faoi stiúir piaraí i seomraí ar leithligh atá curtha in oiriúint do chomhthéacs na scoile (m.sh., príomhoidí riaracháin, príomhoidí teagaisc, ceannairí scoile speisialta)
- Deiseanna chun dea-chleachtais a roinnt agus cumas ceannaireachta a thógáil
- Agbaidh a thabhairt ar Dhúshláin Riaracháin

Mar fhreagairt ar aiseolas ó phríomhoidí SNP agus SSP maidir leis na hualaí riaracháin atá rompu, thug foireann na scoileanna faoi phróiseas comhairliúcháin le ceannairí scoile agus le foireann cheannoifige an BOO. Mar thoradh air sin, d'fhaomh Fóram na bPríomhfheidhmeannach sraith réiteach praiticiúil. Déanann na hathruithe sin próisis rialachais a chuíchóiriú fad is go gcinntíonn sin go bhfuiltear ag cloí le creataí BOO, rud a théann chun tairbhe go háirithe do phríomhoidí a bhfuil freagrachtaí teagaisc lánaimseartha acu agus meastar gur 'príomhoidí teagaisc' iad.



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Stiúrthóireacht na Scoileanna: Scoileanna Náisiúnta Pobail (SNP)



Ina theannta sin, tá BOOÉ fós tiomanta do thacú leis an suirbhé náisiúnta atá beartaithe ag an Roinn Oideachais ar thuismitheoirí (páistí aois 0-12) chun an t-éileamh ar scolaíocht il-sainchreidmheach a mheas. Tá leathnú na Scoileanna Náisiúnta Pobail ina thosaíocht straitéiseach don earráil i gcónaí.

Léiríonn an obair sin tiomantas domhain d'oideachas cuimsitheach, bunaithe ar luachanna atá freagrúil do riachtanais pobal éagsúil scoile. Idir nuálaíocht curaclaim agus tacaíocht cheannaireachta agus ullmhú múinteoirí, leanann an Stiúrthóireacht uirthi ag múnú todhchaí ina n-aithnítear scoileanna BOO as a n-éiteas sainiúil agus as a sármhaitheas oideachais.

Forbairt Ceannaireachta: Comhdháil Príomhoidí SNP agus Príomhoidí Tánaisteacha

Príomhphointe foghlama gairmiúla in 2024 ab ea Comhdháil na bPríomhoidí SNP agus na Leas-Phríomhoidí. Ag tógáil ar chruinnithe míosúla an Phobail Cleachtais ar líne, chuir an t-imeacht, ag a raibh daoine i láthair go pearsanta, spás luachmhar ar fáil do cheannairí scoile ina raibh siad in ann dul i ngleic le nuashonruithe beartais náisiúnta, straitéisí ceannaireachta a roinnt, agus comhoibriú a neartú ar fud líonra an BOO. Leag an chomhdháil béim ar thábhacht na ceannaireachta comhchoitinne maidir le hoideachas cuimsitheach ar ardchaighdeán a fhorbairt.



Ag Breathnú Chun Tosaigh

Tá Stiúrthóireacht SNP le tógáil ar dhul chun cinn 2024 le roinnt forbairtí spreagúla in 2025, lena n-áirítear:

- Seoladh oifigiúil na sonraíochta OFIL
- Lámhleabhair nua do Mhúinteoirí Curaclaim Phátrúin do GMGY agus OFIL
- Modúl ríomhfhoghlama chun tacú le foireann BOO éagsúlacht shóisialta, chiníoch agus eitneach a dhearbhu, arna fhorbairt ag an Dr Anne Marie Kavanagh (DCU)





TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Stiúarthóireacht Iar-bhunscoile na Scoile



Lean stiúarthóireacht na mBord Oideachais agus Oiliúna in Éirinn ar aghaidh ag cur a misin chun cinn in 2024 trí cheannaireacht, comhoibriú agus oideachas uilechuimsitheach a chothú ar fud na hearnála iar-bhunscoile.

Thug an fhoireann faoi shraith imeachtaí agus tionscnamh a raibh tionchar mór acu ar chúrsaí i rith na bliana, nithe a thacaigh le fás gairmiúil na gceannairí scoile agus na n-oideachasóirí, agus a chuir nuálaíocht agus uilechuimsitheacht i dteagasc agus i bhfoghlaim chun cinn ag an am céanna.

Comhdháil Príomhoidí & Príomhoidí Tánaisteacha

Cuireadh tús leis an mbliain le Comhdháil na bPríomhoidí agus bPríomhoidí Tánaisteacha, ócáid a rabhthas ag súil go mór léi agus a bhí ar siúl thar dhá lá i mí Feabhra; bhí an tAire Breisoideachais agus Ardoideachais, Patrick O'Donovan i láthair.

I measc na bpríomhthéamaí a pléadh bhí ceannaireacht i dtírdhreach oideachais atá ag athrú, claochlú digiteach, agus folláine scoláirí.

Chuir an chomhdháil ardán luachmhar ar fáil freisin maidir le líonrú agus tacaíocht piaraí, ag treisiú éiteas comhoibritheach na hearnála BOO. Bhí an-áthas orainn fáilte a chur roimh an bpríomhchainteoir agus údar, an Dr Katriona O'Sullivan, a labhair go paiseanta le toscairí faoi conas is féidir leo athrú a dhéanamh ar shaol an pháiste. I measc na gcainteoirí eile bhí an tOmbudsman do Leanaí Niall Muldoon agus an tOllamh Selina McCoy, an tOllamh Comhlach Taighde ITES. Cuireadh clabhsúr leis an tráthnóna le léiriú ó Ghlúin an Cheoil agus bhí Ambasadóir na hÚcráine go hÉirinn i láthair ag an ócáid sin freisin.

Seimineár le haghaidh Príomhoidí & Príomhoidí Tánaisteacha Nuacheaptha

I mí an Mhárta, d'óstáil an Stiúarthóireacht seimineár ionductúcháin tiomnaithe do Phríomhoidí nuacheaptha agus do Phríomhoidí Tánaisteacha. Dhírigh an ócáid lae sin ar na huirlisí, an t-eolas agus an muinín a thabhairt do cheannairí nua chun a ról a chomhlíonadh go héifeachtach. Clúdaíodh réimse téamaí sna seisiúin éagsúla m.sh. rialachas, ceannaireacht la haghaidh foghlama, agus luachanna uathúla na hearnála BOO.

Scoil Samhraidh BOOÉ do Mheáncheannairí



Tá Scoil Samhraidh BOOÉ do Mheáncheannairí fós mar bhuaicphointe den fhéilire foghlama gairmiúla. Deartha chun meáncheannairí éirimiúla reatha a chumhachtú thairg an clár ceardlanna maidir le ceannaireacht teagaisc, forbairt foirne, agus athrú a threorú. Ghlac rannpháirtithe páirt i gcleachtas machnamhach agus i bhfoghlaim chomhoibriúch, ag neartú a gcumas ceannaireacht a thabhairt laistigh dá scoileanna agus cur le feabhsú scoile uile. Dar leis na toscairí gurbh iad an eochairchaint ón Dr Colman Noctor, *'Leading from the middle'* agus ceann eile ón Ollamh Patricia Mannix McNamara buaicphointí na hócáide.



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Stiúrthóireacht Iar-bhunscoile na Scoile

SPRAOI'24

Spraoi a chur le Foghlaim na Gaeilge fud fad na tíre



In 2024, sheol Boird Oideachais agus Oiliúna Éireann (ETBI) Spraoi'24, feachtas náisiúnta spraiúil a bhí deartha chun an Ghaeilge a cheiliúradh agus a chur chun cinn in iar-bhunscoileanna BOO. Thug an tionscnamh beocht don teanga trí ghníomhaíochtaí cruthaitheacha, cuimsitheacha agus tarraingteacha a spreag gach scoláire a bheith rannpháirteach, beag beann ar a gcumas Gaeilge nó a gcomhthéacs scoile.

Le tacaíocht ón gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta (COGG) agus Gaeloideachas, bhí Spraoi'24 ar siúl ó Mheán Fómhair go Nollaig 2024, le raon leathan comórtas ar siúl ina measc *Seanchaí sa Teach* (Scéalaíocht), *Béal gan Stad* (Tráchtairacht), agus *Na Teagascóirí Tiomanta* (Rap/Amhrán). Spreag tionscnaimh ar nós *Ár dTeanga*, *Ár Scoil*, *Ár ndualgas* agus *Ár Scoil mar Ambasadóir na Gaeilge scoláirí* an Ghaeilge a chur chun cinn ina scoileanna agus ina bpobail áitiúla.

Bhí an craoltóir Máire Treasa Ní Dhubhghaill, Laoch de chuid an BOO agus láithreoir aitheanta le TG4 agus RTÉ Raidió na Gaeltachta, mar ambasadóir an fheachtais, ag spreagadh scoláirí dul i ngleic leis an nGaeilge ar bhealaí nua spreagúla.

Oideachas Speisialta Ionchuimsitheach a Threorú: Seóthaispeántas Mapála Soláthair

Rinneadh ceiliúradh ar gharsprioc shuntasach san oideachas cuimsitheach le *"Oideachas Speisialta Ionchuimsitheach a Threorú: Seóthaispeántas Mapála Soláthair."* Leag an ócáid sin béim ar obair na scoileanna



maidir le mapanna soláthair a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun tacú le scoláirí a bhfuil riachtanais bhreise acu. Léirigh an seóthaispeántas tiomantas na hearnála do chleachtais chuimsitheacha, do phleanáil chomhoibritheach, agus do chinnteoireacht atá bunaithe ar shonraí. Chuir sé fóram ar fáil freisin chun samhlacha agus straitéisí rathúla a roinnt ar féidir iad a scálú ar fud an chórais.

Líonra na bPríomhoidí Tánaisteacha

Reáchtáil BOOÉ, i gcomhpháirtíocht le Oide, clár struchtúrtha bliana do leas-phríomhoidí seanbhunaithe. Tríd an gclár sin, iarradh ar rannpháirtithe machnamh a dhéanamh ar cheannaireacht chun a bhfoghlaim féin a fheabhsú agus foghlaim trí chomhoibriú le piaraí.

Ag Breathnú Chun Tosaigh

Mar léiriú ar 2024, tá Stiúrthóireacht Iar-bhunscoile na Scoileanna bródúil i gcónaí as na héachtaí comhchoiteanna atá bainte amach ar fud na hearnála BOO. Trí fhorbairt ceannaireachta, cleachtas cuimsitheach, agus tiomantas comhroinnte do rath na scoláirí, leanfaidh sé uirthi ag tógáil córas iar-bhunoideachais atá dinimiciúil agus freagrúil. I dteannta a chéile, táimid ag tnúth le tógáil ar an móiminteam sin sa bhliain amach romhainn, faoi threoir ár gcoíluachanna feabhais, comhionannais, cúraim, measa agus pobail.



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Na Seirbhísí Óige



Stiúirthóireacht na Seirbhísí Óige 2024

Tá feidhm Oibre Ógra na mBord Oideachais agus Oiliúna bunaithe ar an bhfreagracht *“tacú le soláthar, comhordú, riaradh agus measúnú seirbhísí oibre ógra.”* Ó 2013 i leith, bhí ról lárnach ag BOOÉ agus ag na 16 ball-BOO maidir le forbairt phearsanta agus shóisialta daoine óga ar fud na hÉireann a fheabhsú.

In 2024, rinne an Stiúirthóireacht um Sheirbhísí Óige bliain de dhul chun cinn agus de nuálaíocht shuntasach a cheiliúradh, agus leagadh béim air sin nuair a seoladh *Deiseanna don Óige: An Straitéis Náisiúnta um Obair Óige agus Seirbhísí Gaolmhara 2024 -2028*. Is í sin an chéad straitéis náisiúnta maidir le hobair ógra ó 2003 i leith chun aitheantas sainráite a thabhairt do ról na BOOnna, ag athdhearbhú a thábhachtaí agus atá siad sa tírdhreach oibre ógra.

Seoladh Deiseanna don Óige (2024 -2028)

Straitéis shuntasach a leagann síos an treo d’obair ógra agus do sheirbhísí gaolmhara sna ceithre bliana amach romhainn.

Tá an Obair Ógra Tábhachtach; Comhdháil

D’óstáil BOOÉ a chéad chomhdháil náisiúnta oibre óige, rud a chruthaigh ardán chun na hiarrachtaí comhoibritheacha idir BOOnna agus seirbhísí oibre ógra a thaispeáint maidir le torthaí feabhsaithe a sheachadadh do dhaoine óga. Labhair an Teachta Dála de chuid an Chomhaontais Ghlais agus Cathaoirleach Choiste na Leanaí, Patrick Costello TD, le toscairí ag an ócáid i bPáirc Thuamhan.

Maoiniú agus Infheistíocht

De réir a bhfeidhmeanna reachtúla, riar BOOnna €53.8 milliún san iomlán i maoiniú oibre ógra in 2024. Thacaigh an maoiniú sin le réimse leathan clár agus

tionscnamh ar fud na tíre. Tá an maoiniú sin scaipthe dá réir i measc:

- UBU Do Spás D’Áit
- Scéim Deontais do Chlubanna Óige Áitiúla
- Ionaid Eolais don Aos Óg
- Ciste Comhtháthaithe
- Scéim Spriocdhírthe Infhostaitheachta don Óige
- Athléimneacht & Éifeachtacht

Deiseanna don Óige: Téamaí Straitéiseacha i mBun Gnímh

Tá cur i bhfeidhm *Deiseanna don Óige* ar siúl cheana féin, agus tá roinnt tionscadal nuálach ag teacht le príomhthéamaí beartais na straitéise.

Folláine Mheabhrach agus Shóisialta a Chur Chun Cinn

- In Sync Seirbhísí Óige agus Teaghlaigh (BOOCCM): Seachadadh an cheardlann ‘*Á lorg*’, faoi stiúir éascaitheoirí óige, chun dúshlán a thabhairt don chultúr éignithe agus meas inscne a chur chun cinn.
- Foróige Chromadh (BOOLC): Ghlac breis agus 20 duine óg páirt i *Seoltóireacht chun na Folláine* eispéiris seoltóireachta theiripeacha chun athléimneacht agus obair foirne a chothú.

Tacú le Daoine Óga nach bhfuil san Oideachas, Fostaíocht ná Oiliúint (NEET)

- OÓÉ Lár na Tíre (BOOLI): Dhírigh an clár sin atá bunaithe ar chaidreamh do dhaoine 15-24 bliana d’aois ar fhorbairt phearsanta agus ar ghairm-scileanna. Ó Mheitheamh 2024, ghlac 31 duine óg páirt, agus chuaigh 5 daoine ar aghaidh chuig oideachas nó fostaíocht.



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2024

Na Seirbhísí Óige



Cur Chuige Ionchuimsithe, For-rochtana agus Idirchultúrtha

- Poppintree (BOOCBÁC): D'fhreastail an scéim sin ar fhir óga a bhfuil sé deacair dul i bhfeidhm orthu trí mhalartuithe cultúrtha trasteorann agus *Tionscnamh an Oileáin Nua*.
- Baint (BOOMSL): Tacaíodh le fir óga den Lucht Siúil trí ghníomhaíochtaí a dhearbhaíonn an cultúr, lena n-áirítear tógáil vaiginí traidisiúnta, bród agus cuimsiú a chur chun cinn.

Rannpháirtíocht sna hEalaíona, Cultúr agus Áineas Allamuigh

- Tionscadal Óige an Mhuilinn Chearr (BOOLI): I gcomhpháirtíocht le Grange United FC chun freastal ar an aos óg atá i mbaol tríd an sacar, rud a fhágann forbairt infreastruchtúir agus ceannaireacht pobail.
- Tionscadal Óige Rialto (BOOCBÁC): Bhain *Boys in the Making* úsáid as na healaíona cruthaitheacha chun firinsneacht agus féiniúlacht a fhiosrú trí scéalaíocht.

Rannpháirtíocht Chathartha na nÓg agus Obair Dheonach

- Seirbhís Óige an Chláir (BOOLC): Chuir sí clár ceannaireachta ar fáil do dhaoine 16-18 mbliana d'aois, ag críochnú leampaí samhraidh faoi stiúir an aosa óig agus obair dheonach leanúnach pobail.



An Timpeallacht Dhigiteach

- Foróige (BOOMSL): *Soilse Geimhridh 2024*, ealaín dhigiteach arna cruthú ag an aos óg i mBéal an Átha, i gcomhar le grúpaí oideachais agus cuimsithe speisialta.

Faisnéis agus Mífhaisnéis

- Seirbhís Óige na Bradóige (BOOCBÁC): D'fhorbair sé an *Clár Feasachta ar Mhealltóireacht (CFM)*, cluiche boird oideachais ar dhúshaothrú coiriúil.
- Eolas don Ógra OÓE Thiobraid Árann (TETB): Oiliúint litearthachta sna meáin a sheachadadh chun dul i ngleic le mífhaisnéis.
- Foróige (BOOMSL): Sheol an eagraíocht sin *'Cén fáth a bhfuil Scaoll Ann Faoi Vápáil?'*, feachtas taighde agus físe faoi stiúir an aosa óig

Ag Breathnú Chun Tosaigh

Agus muid ag machnamh ar bhliain de threo straitéiseach athnuaite agus rannpháirtíocht thionchair na n-óg, tá BOOE tiomanta i gcónaí tacú le hobair ógra chuimsitheach, nuálach agus fhreagrúil ar fud na hÉireann in éineacht leis na 16 BOO. Trí chomhoibriú leanúnach le BOOnna agus le seirbhísí óige, cuirfimid le móiminteam 2024 chun a chinntiú go mbeidh gach duine óg cumhachtaithe chun rath a bhaint amach ina bpobail.



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

2024

